AN ROINN OIDEACHAIS

DEPARTMENT OF EDUCATION

# BEATHA AN CHLADAIGH

# COASTAL WILDLIFE

Nótaí le dul leis an stiallscannán den ainm céanna.
Notes to accompany the filmstrip of the same title.

[Notes by Dr. Christopher Moriarty]

© AN ROINN OIDEACHAIS, BAILE ÁTHA CLIATH, 1975.

Stiallscannán agus Nótaí ar na gcur amach ag

AN ROINN OIDEACHAIS,
BAILE ÁTHA CLIATH 1.

i gcomhar leis an PFIZER CHEMICAL CORPORATION,
RINGASKIDDY,
CO. CORK.

Filmstrip and Notes published by THE DEPARTMENT OF EDUCATION,
DUBLIN 1.

in co-operation with THE PFIZER CHEMICAL CORPORATION,
RINGASKIDDY.

Nótaí le)
Notes by) CHRISTOPHER MORIARTY PH.D.

## BEATHA AN CHLADAIGH

### FRÁMA 1. FRÁMA TEIDIL

### FRÁMA 2. CREIDIÚINTÍ

### FRÁMA 3. AN FAOILEÁN SCADÁN

Is é an faoileán scadán an t-éan is coitianta d'fhaoileáin na hÉireann. Dath geal liath a bhíonn ar dhroim an éin seo in aois a ceithre bliana agus bíonn an chuid íochtarach de chomh geal leis an sneachta. Dath bándearg a bhíonn ar na cosa. Bíon gob buí aige a mbíonn spota dearg air. Dath dubh a bhíonn ar chinn na sciathán agus paistí bána orthu. Bíonn na faoileáin scadán ag cartadh leo agus déanann siad fiach ar éisc shliogacha agus ar phortáin chladaigh a chaitear aníos ag an taoide. Le linn gairfin
agus ar phortáin chladaigh a chaitear aníos ag an taoide. Le linn gairfin
bíonn siad ag snámh tamall amach ón gcúr agus tumann siad a gcinn san fharraige chun breith ar dhúile ainmhíocha a shuaitear aníos ón ngrinneall.

### FRÁMA 4. FAOILEÁIN SCADÁN ÓGA

Bíonn dath breac ar na faoileáin scadán óga agus éiríonn sé seo níos míliathaí faoi mar a théann na héin in aois go dtí go mbíonn dathanna an éin fhásta le sonrú sa cheathrú bliain. Is beag faoileán scadán nach neadaíonn ar aill nó ar oileán faoin gcósta ach is fada isteach faoin tír a théann siad, mar sin féin, ar thóir an bhia.

### FRÁMA 5. AN FAOILEÁN CEANNDUBH

Is furasta an faoileán ceanndubh a aithint sa samhradh. Póraíonn an chuid is mó d'fhaoileáin cheanndubha na hÉireann isteach faoin tír, ar lochanna nó ar thalamh riascach ach déanann a lán acu ar an gcladach go háirithe sa gheimhreadh. Ní ar nós na bhfaoileán scadán in aon chor a bhíonn na héin seo ag tóraíocht a gcreiche. Bíonn na faoileáin cheanndubha ag eitilt díreach os cionn dhromchla na mara nó os cionn na talún go dtugann siad áladh ar an tseilg. Is gnách do na faoileáin scadán, áfach, a bheith ag snámh nó ag siúl.

## FRÁMA 6. AN FAOILEÁN CEANNDUBH

Níl sé chomh furasta céanna na faoileáin cheanndubha a aithint sa gheimhreadh. Scéitheann siad a gcochaill ar fad cé is moite de bhall dubh taobh thiar den tsúil. Siad na cosa dearga i dteannta leis an ngob dearg an chuid is suntasaí díobh.

## FRÁMA 7. AN DROIMNEACH MÓR

Is é an droimneach mór an faoileán is mó in Éirinn. Bíonn sé suas le sé throigh ar fad ó cheann ceann na sciathán agus is éan fíorghleoite é. Bíonn dath dubh ar dhroim an éin seo agus dath bándearg ar a chosa. Is saintréithe iad seo a dhéanann idirdhealú idir an droimneach mór agus an droimneach atá níos lú fós ná é agus a bhfuil sciatháin liatha agus cosa buí aige. Is creachadóir é an droimneach mór agus itheann sé coiníní óga agus éin a mbíonn ainimh éigin orthu, chomh maith le splíonaigh agus cosamair. Is teirce go mór iad ná na faoileáin scadán agus is annamh a d'fheicfeá in ealta iad.

## FRÁMA 8. TRÁNNA SA GHEIMHREADH

Is é an cladach an ghnáthóg is feiliúnaí d'éin mar go mbíonn soláthar bia á chur i dtír go féiltiúil ag an taoide.

## FRÁMA 9. AN LUATHARÁN

Déanann an luatharán beag, a bhfuil dath liath gheal ar a dhroim, gabhláin ghainimh, cuileoga agus feithidí beaga eile a sheilg ar thránna gainmheacha. Neadaíonn siad i bhfad ó thuaidh i dtuaisceart na hEorpa agus is annamh a fheictear sa tír seo sa samhradh iad. Tá roinnt luatharán ann, áfach, a chaitheann an geimhreadh ar fad anseo agus tá cuid eile fós ann a thagann ar mionchuairteanna go <u>hÉireann</u> san Fhómhar agus i gcaitheamh an Earraigh agus iad ar a mbealach ó dheas chuig an Aifric Theas.

## FRÁMA 10. AN ROILLEACH

Tá an roilleach ar cheann de na héin is suntasaí dá bhfuil ann i ngeall ar a ghob dearg agus an dath dubh agus bán atá ar a chlúmh. Tagann siad le chéile áit ar bith a mbíonn lathach agus bíonn na mílte díobh le feiceáil sa gheimhreadh i gCuain Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Cliath. Feictear iad, freisin, timpeall an chósta agus isteach faoin tír ar uaire ach ní bhíonn siad chomh flúirseach céanna sna háiteanna sin. Bíonn siad á mbeathadh féin thíos le ciumhais na mara áit a bhfeicfeá iad ag dingeadh iasc sliogach ar oscailt lena ngoib láidre m.sh. ruacain, diúilicíní agus faochain. Téann formhór na roilleach ó thuaidh chun a neadacha a dhéanamh, ach póraíonn roinnt bheag acu anseo in Éirinn sa samhradh.

## FRÁMA 11. AN PIARDÁLAÍ TRÁ

Póraíonn na piardálaithe trá, dála na luatharán, sa chiantuaisceart thuas in aice leis an gCrios Artach. Fanann cuid acu sin nach bpóraíonn, áfach, anseo i gcaitheamh na bliana ar fad ach is amhlaidh go dtagann a bhformhór díobh anseo ar cuairt sa gheimhreadh. Dath donn ballach a bhíonn orthu agus a gcosa ar dhath an oráiste. Bíonn siad á mbeathadh féin ar bhruach na mara. Iompaíonn siad na frondaí feamainne chun breith ar dhúile beaga ainmhíocha ar nós ribí roibéise a bhíonn faoin fheamainn.

## FRÁMA 12. AN BHREACÓG

Éan beag cladaigh eile is ea an bhreacóg. Tá sé ar aon mhéid leis an luatharán beagnach, ach dath donn atá air. Baineann an dá éan seo mar aon leis an bpiardálaí trá le cine na lapairí. Féach cosa fada caola agus gob seang na breacóige sa phictiúr seo. Saintréithe iad seo a bhaineann leis an gcineál éan seo. Cois cladaigh is mó a chaitheann na lapairí an geimhreadh le linn dóibh a bheith ag tóraíocht iasc sliogach agus péisteanna beaga. Is minic a d'fheicfeá cuid acu-an bhreacóg san áireamh - in ealtaí ollmhóra. Tagann an chuid is mó de na héin seo ar cuairt sa gheimhreadh ach tá roinnt bheag díobh, áfach, a fhanann anseo d'fhonn síolrú a dhéanamh. Le linn do na héin

seo a bheith ag tógáil na ngearrcach óg cuireann siad díobh cleití bána na brollaí agus fásann cleití dubha ina n-ionad.

## FRÁMA 13. AN FHEADÓG CHLADAIGH

Tá gaol gairid idir an fheadóg chladaigh agus na lapairí ach is gnách gob gearr agus clúmh bán agus dubh a bheith ar an bhfeadóg chladaigh. Is féidir an t-éan seo a aithint ar a chosa, a mbíonn dath an oráiste orthu, agus ar a scornach bhán lena choiléar dubh. In ealtaí beaga a fheictear de ghnáth iad uaireanta ar thránna gainimheacha, uaireanta eile sa lathach mar a ndéanann siad dúile ainmhíocha ar nós seilidí, péisteanna, agus gabhlán gainimh nach mbíonn faoi thalamh, a sheilg.

## FRÁMA 14. AN FHEADÓG CHLADAIGH .... A NEAD

Déanann cuid mhór de na feadóga cladaigh a gcuid neadacha in Éirinn le hais lochanna agus cois cladaigh. Ní bhíonn sa nead ach mar a bheadh log tochailte sa duirling nó sa ghaineamh garbh. Is iontach, áfach, an chaoi a mbíonn na huibheacha folaithe i dtreo go mbíonn sé an-deacair ar fad iad a fheiceáil. Bíonn an rud céanna fíor i dtaobh an éinín féin nuair a bhíonn sí ina suí i ngeall ar an dath dubh agus bán atá ar a ceann. Bailíonn na scalltáin leo (pictiúr de cheann ar an taobh clé den bhláth i gceartlár an tsleamhnáin seo) as an nead chomh luath 's a thagann siad amach as na huibheacha agus fanann siad i bhfolach gan gíog go dtí go mbíonn an namhaid imithe.

## FRÁMA 15. AN GHEABHRÓG

Tá an ghnáthgheabhróg ar cheann den chúig phór geabhróg a thagann chun na hÉireann sa samhradh agus a neadaíonn anseo. Déanann sí a chuid seal-gaireachta le linn di a bheith ar foluain tuairim is deich dtroigh nó mar sin os cionn na farraige. Tumann sí de phlimp chun breith ar éisc bheaga. Bíonn bruthanna mion éisc flúirseach go maith sa samhradh ach de réir mar a théann

siad leo go dtí an fharraige dhomhain sa gheimhreadh. Tugann na geabhróga aghaidh ó dheas freisin-fearacht na bhfainleog - mar a mbíonn flúirse bia go fóill. D'fheicfeá neadacha na ngeabhróg le haid an chladaigh agus ar oileáin i lochanna móra na hÉireann.

## FRÁMA 16. AN GHEABHRÓG ARTACH

Tá an gheabhróg Artach ar cheann eile den chúig chineál geabhróg atá in Éirinn agus tá an-chosúlacht idir í agus an ghnáthgheabhróg. Tugann an fráma seo léargas an-mhaith ar shaintréithe na geabhróige .i. eireaball gabhlánach ar nós eireabaill fháinleoige (is minic a thugtar "fáinleoga mara" orthu), na cleití bána agus liatha agus an caipín dubh. Tá spota dubh ar ghob na geabhróige. Dath dearg amháin atá ar ghob na geabhróige Artaí, áfach. Cois cósta a neadaíonn an gheabhróg Artach. Síolraíonn cuid acu taobh ó thuaidh den Chrios Artach agus bailíonn siadsan leo chuig an Antartach i dtosach an gheimhridh. Is dócha gurb é seo an turas imirce is faide a dhéanann éan ar bith.

## FRÁMA 17. AILLTREACHA COIS CÓSTA

Baineann dhá bhuntáiste le hailltreacha crochta d'éin le linn dóibh a bheith ag síolrú. Ní bhíonn sé ar chumas na gcreachadóirí talaimh ar nós an tsionnaigh teacht aniar aduaidh ar na héin; téann sé rite go maith le héin chreiche go fiú, ar nós na bhfaoileán mór, fogha a thabhairt faoin nead. Ar an láimh eile de, tig le mórán éan dul i mbun eitilte i dtreo na farraige síos amach i ngeall ar a chrochta 's a bhíonn an nead. Is iomaí éan farraige a dtéann sé rite leis dul i muinín na sciathán 's é ina sheasamh ar an talamh.

## FRÁMA 18. EALTAÍ MÓRA ÉAN

Bailíonn na mílte éan farraige ar aailltreacha crochta a mbíonn leacracha caola ag gobadh astu d'fhonn neadacha a dhéanamh. Éin iad seo a fhaigheann a gcuid bia ar fad san fharraige - trí thumadh agus trí éisc a thóraíocht faoi

uisce nó trí a bheith ag eitilt díreach os cionn na mara agus áladh a thabhairt ar a gcuid creiche. I mí Iúil agus i mí Lúnasa fágann na héin na haill-treacha agus ní fhilleann siad arís go dtí an t-earrach dár gcionn.

## FRÁMA 19. AN SAIDHBHÉAR

Faoileán beag cruthúil is ea an saidhbhéar. D'aithneofá an t-éan seo ar na faoileáin eile atá againn anseo in Éirinn ar chinn a sciathán a bhfuil dath dubh amháin orthu. Bíonn déanamh cupáin ar neadacha na saidh-bhéar agus is d'fheamainn a dhéanann siad iad. Beireann siad a dó nó a trí d'uibheacha. Ní mór do na scalltáin fanacht ina gcuid neadacha go mbíonn ar a gcumas eitilt a dhéanamh toisc nach mbíonn dóthain áite dóibh ar leacracha na n-aill a bheith ag fánaíocht timpeall.

## FRÁMA 20. AN FULMAIRE

Is beag difríocht idir dath an fhulmaire agus dath an fhaoileáin ach amháin nach dath dubh a bhíonn ar chinn sciathán an fhulmaire. Ní faoileán é, áfach, ach baineann sé le Cine na bPeadairíní. San aigéan a chónaíonn na peadairíní agus tá siad an-chumasach chun na faoileoireachta. Is amhlaidh a théann siad i muinín na sruthanna aeir a dhéanann síorghluaiseacht na gaoithe agus na dtonn, chun iad féin a choinneáil ar foluain. Maireann siad ar éisc bheaga agus ar phlanctón a mbíonn fáil orthu tamall beag faoi dhromchla na mara. Bíonn polláirí feadánacha aisteacha ag na Peadairíní go léir. Is rí-annamh a d'fheicfeá fulmairí ar bith anseo in Éirinn roimh thosach na haoise seo. Ó shin i leith, áfach, d'fheicfeá ina n-ealtaí ollmhóra iad timpeall an chósta go léir agus déanann siad a gcuid neadacha áit a mbíonn fáil ar ailltreacha oiriúnacha.

## FRÁMA 21. FORACHAIN

Sa bhfráma seo taispeántar forachain a bhfuil droim donn de dhath seacláide acu agus gob caol. Is ionann nós imeachta don éan seo agus don chrosán. Snámhann an dá chineál éan seo faoi uisce chun breith ar éisc. Ní dhéanann siad aon nead ar bith ach beireann an fhoracha **bhaineann** ubh amháin ar leacracha loma. Cruth piorra a bhíonn ar na huibheacha agus i ngeall air seo bíonn siad ag rolladh leo arís agus arís eile aon uair a mbaintear leo agus ní thiteann siad riamh den leac. Is iondúil go suíonn ceann amháin de na héin mhóra ar an ubh nó bíonn sé ar gor le linn don cheann eile sealgaireacht mhara a dhéanamh.

## FRÁMA 22. BROIGHILL (CAILLEACHA DUBHA)

Is iontach an cumhacht snámha faoi uisce atá ag na broighill agus beireann siad ar an-chuid éisc. Rud aisteach faoi na héin seo nach dtálann siad aon ola ar bith a thabhfarfadh dídean dá gcleití ón uisce. Bíonn orthu, mar sin, an fharraige a fhágáil go minic agus a sciatháin a leathadh amach chun iad féin a thriomú. Bíonn ar chumas formhór na n-éan uisce a gcuid cleití a choinneáil díon ar uisce agus i ngeall ar an mbua seo bíonn siad ábalta tréimhsí an-fhada as a chéile a chaitheamh san uisce.

Tá sé furasta go leor an broigheall a aithint sa samhradh ar a éadan bán. Is mó is cosúla leis an seaga é sa gheimhreadh mar go maolaítear cuid mhór ar an dath bán. Beathaíonn na broighill le hais uiscí intíre go minic agus uaireanta bíonn a gcuid neadacha acu anseo freisin. Fanann an seaga cois farraige an t-am ar fad.

## FRÁMA 23. SEAGAÍ

Tá na seagaí (a dtugtar "broighill ghlasa" orthu, ar uaire) níos lú ná an broigheall agus tá curaicín cleití ar a gcinn. In áiteanna carraigeacha timpeall an chósta a chónaíonn na broighill agus na seagaí araon. Déanann siad neadacha móra míshlachtmhara de chipíní agus de dhosanna feamainne.

Slogann na héin mhóra éisc siar ina scornach do na héin óga agus ligeann siad dóibh a ngoib a shá siar agus na héisc a tharraingt aniar arís. D'fhéadfadh broighill dochar a dhéanamh do thionscal na hiascaireachta anois agus arís trí bhradáin óga a alpadh, ach is beag dochar a dhéanann na seagaí.

## GRÁMA 24. AN GAINÉAD

Is é an gainéad an t-éan mara is niamhraí dá bhfuil in Éirinn. Ar Oileán Beag na Sceilge amach ó chósta Chiarraí, tá ceann de na hionaid shíolraithe gainéad is mó ar domhan. Neadaíonn siad, freisin, ar Charraig an Tairbh amach ó chósta Chorcaí agus ar Oileán Mór Sáltaí amach ó chósta Loch Garman. Is éin ollmhóra iad, sé nó seacht dtroigh ar fad ó sciathán go sciathán agus clúmh lonrach bán orthu. Bíonn na gainéid ag faire amach d'éisc agus iad ar foluain suas le seachtó troigh os cionn na mara. Chomh luath agus a fheiceann siad ábhar creiche connlaíonn siad a sciatháin beagáinín agus tuirlingeann siad go hobann chun breith air faoi dhromchla na farraige. Neadaíonn na mílte díobh i bhfogas dá chéile in ealtaí ar oileáin áirithe.

## FRÁMA 25. AN GAINÉAD ... AG EITILT

Sa phictiúr seo taispeántar gainéad fásta agus é ag eitilt. Féach ar chinn dhubha a sciathán, a cheann buí agus a ghob láidir biorach. Fanann na gainéid fhásta gar go maith don nead ach imíonn na rudaí óga leo i bhfad i gcéin, chomh fada ó dheas le cósta na hAifrice. Dath breac donn a bhíonn ar an ngainéad óg.

## FRÁMA 26. AN RIABHÓG CHLADAIGH

Cónaíonn an riabhóg chladaigh ar chóstaí carraigeacha nó i gcalafoirt agus neadaíonn siad idir na carraigeacha. Maireann siad ar fheithidí a mbeireann siad orthu ar an talamh nó gar go maith dó. Ar na cineálacha bia eile atá ar an gcladach tá cairn d'fheamainn lofa ina síolraíonn na feithidí.

FRÁMA 27. AN CROSÁN

Dath bán agus fíordhubh atá ar an gcrosán atá le feiceáil anseo mar aon leis an gcrosán óg. Tá gob fada aige a bhfuil déanamh scine air i gcomparáid le gob na forachan (atá le feiceáil i bhfráma 21). Tuairim is mí a thógann sé go dtagann na scalltáin amach as na huibheacha. Beathaítear an t-éinín óg i rith na chéad choicíse ar an leac aille mar a mbíonn an nead. Téann sé ar eite ansin nó titeann sé síos san fharraige áit a dtugann na tuismitheoirí bia dó ar feadh scaithimh eile. Tumadóirí paiteanta iad na crosáin agus tá siad an-chumasach ar shnámh faoi uisce.

FRÁMA 28. CORRA RIASC

Is minic a fheictear na corra riasc cois cladaigh. ("Corra móna" a thugtar orthu seo go rialta trí dhearmad). Fanann siad ciúin socair le hais linne nó go mbogann iasc éigin nó ribe róibéise i bhfogas dóibh. Is ansin a shíneann an corr riasc amach a mhuineál fada agus beireann de phreib ar an gcreach. Déanann an corr riasc nead mhór amscaí i mbarr na gcrann ard agus ar uaire neadaíonn cuid mhór acu gar go maith dá chéile. Itheann siad éisc, froganna, ciaróga agus francaigh.

FRÁMA 29. CÁNÓGA

Neadaíonn cánóga in ealtaí móra i dteannta a chéile ar oileáin bheaga áit a mbíonn fánaí féaracha ina dtig leo poill a dhéanamh sa talamh. Gearrcach amháin a bhíonn ag gach péire i rith an tséasúir. Fágann na cánóga a gcuid oileán san fhómhar agus bailíonn siad leo chun na farraige amach. Éin chuideachtúla iad na cánóga agus is fearr leo a bheith ina suí ag béal a bpoll seachas a bheith i bhfolach istigh iontu.

FRÁMA 30. CÁNÓGA - SA SAMHRADH

Léiríonn an pictiúr seo saintréithe suntasacha na gcánóg sa samhradh, mar atá, an droim dubh, an bhrollach bhán agus na cosa ar dhath an oráiste. Faraor is i dteirce atá líon na gcánóg ag dul, cé go bhfuil ealtaí móra díobh fós ar

fáil timpeall an chósta. Is iomaí ealta atá i gCiarraí, ealta mór amháin i Maigh Eo mar aon le cinn bhreise i gcontaethe eile nach iad.

## FRÁMA 31. CÁNÓG ... AN GOB SUNTASACH

Bíonn éadan na cánóige an-suntasach ar fad sa samhradh. Dath bán a bhíonn air, súile móra agus gob ildathach. Ní bhíonn an gob chomh lonrach céanna sin sa gheimhreadh ná ní bhíonn sé chomh fada ach oiread.

## FRÁMA 32. AN RÓN GLAS

Ní éisc iad na róin ach mamaigh. Bíonn orthu teacht aníos go dtí an dromchla chun anáil a tharraingt agus tagann siad i dtír nuair a bhíonn na róin óga ag teacht ar an saol. Tá dhá chineál róin an-fhairsing timpeall ar chóstaí na tíre agus druideann siad seo isteach gar go maith don chladach ag féachaint ar dhaoine nó snámhann siad taobh leis na báid. Síolraíonn an rón glas a fheictear sa phictiúr seo i mbruthanna beaga ar oileáin agus maireann séasúr síolraithe agus a gcúplála ar feadh roinnt mhaith seachtainí i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna. Saolaítear óg an ghnáthróin ar oitir ghainimh sceirdiúil nuair a bhíonn lag trá ann agus níl aon láthair shíolraithe ar leith aici.